Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6680/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0216(COD)**

**AGRI 105**
**AGRILEG 32**
**AGRIFIN 25**
**AGRISTR 15**
**AGRIORG 24**
**CODEC 299**
**CADREFIN 104**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>– Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 1 Meitheamh 2018 , mhol an Coimisiún athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) don tréimhse i ndiaidh 2020, lena n-áirítear an **Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT**, lena gcuimseofar íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha in earnálacha áirithe agus forbairt tuaithe, na Rialacháin reatha maidir le hÍocaíochtaí Díreacha agus Forbairt Tuaithe a thabhairt cothrom le dáta agus a ionadú.

2. An 21 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027, ina raibh treoir freisin maidir le príomheilimintí na ngníomhartha reachtacha earnálacha a bhaineann le CAI, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.

3. An 21 Deireadh Fómhair 2020, chomhaontaigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh cur chuige ginearálta maidir le hathchóiriú CBT, agus leis sin, cuireadh sainordú caibidlíochta ar fáil don uachtaránacht (12148/20 REV 1 + ADD 1). An 23 Deireadh Fómhair 2020, thug Parlaimint na hEorpa an vóta maidir lena seasamh caibidlíochta chun críche.

4. An 10 Samhain 2020, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis na trí rialachán um athchóiriú CBT ag cruinniú ollmhór tríthaobhach. Ó shin i leith, reáchtáladh seacht gcinn de chruinnithe tríthaobhacha tiomnaithe don Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT (an 19 Samhain, an 1 agus an 17 Nollaig 2020, agus an 22 Eanáir, an 10 agus an 23 Feabhra, agus an 11 Márta 2021).

5. Ar na hábhair a clúdaíodh go dtí seo sa chaibidlíocht faoin Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT le Parlaimint na hEorpa, áirítear:

- an ailtireacht ghlas (bloc 1: coinníollacht, éiciscéimeanna, seirbhísí comhairleacha feirme);
- an tsamhail nua seachadta (bloc 2: cuspóirí, táscairí, méideanna aonaid, tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht, athbhreithniú ar fheidhmíocht);
- an raon feidhme agus na ceanglais choiteanna (bloc 4);
- íocaíochtaí díreacha (bloc 5: sainmhínithe, laghduithe ar íocaíochtaí, cóineasú inmheánach, íocaíochtaí athdháilte, feirmeoirí beaga, feirmeoirí óga)
- idirghabhálacha earnála (Airteagal 6)
- idirghabhálacha forbartha tuaithe (bloc 7).

## II. STAID NA hIMEARTHA

### Ábhair a comhaontaíodh go sealadach

6. Leis na pléití tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, bhíothas in ann teacht ar chomhaontuithe sealadacha maidir leis an méid seo a leanas go háirithe:

- roinnt **sainmhínithe** in Airteagail 3 agus 4, amhail 'feirmeoir', 'gabháltas', 'talamh arúil' agus 'barra buana';
- formhór na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6;
- na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa a bhaineann leis an bh**forbairt inbhuanaithe**, le **gné na hinscne** agus le **gné dhomhanda CBT** in Airteagal 9a agus 9c agus in Airteagal 10a;
- **Tacaíocht intíre ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála** in Airteagal 10;
- roinnt eilimintí den ailtireacht ghlas, amhail **prionsabal agus raon feidhme na coinníollachta** in Airteagal 11, **oibleagáidí na mBallstát maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil** in Airteagal 12, **seirbhísí comhairleacha feirme** in Airteagal 13 (cé is moite den uirlis inbhuanaitheachta feirme i ndáil le cothaithigh) agus roinnt caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil agus ceanglais reachtúla bhainistíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn III; tá gá le tuilleadh oibre go háirithe ar na héiciscéimeanna in Airteagal 28;
- cur chun feidhme **chomhaontú Blair House** in Airteagal 10a;
- roinnt forálacha maidir le h**íocaíochtaí díreacha**, amhail na híoscheanglais le haghaidh íocaíochtaí díreacha in Airteagal 15a agus le haghaidh íocaíochtaí díreacha díchúpláilte in Airteagal 16;
- roinnt forálacha maidir le h**idirghabhálacha earnála** agus idirghabhálacha **forbartha tuaithe**;

- príomheilimintí na samhla seachadta nua, go háirithe na **tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht** agus na h**athbhreithnithe débhliantúla ar fheidhmíocht** (a bhfuil an Coimisiún ina gcoinne), **tagarmharc** maidir le himréiteach feidhmíochta mar atá i gcur chuige ginearálta na Comhairle, na **meán-aonadmhéideanna uasta beartaithe** le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe IACS agus neamh-IACS araon, leibhéil lamháltais i gcás diallais de 35 % in 2025 agus 25 % in 2027 le haghaidh an athbhreithnithe ar fheidhmíocht; tá gá le tuilleadh obair theicniúil ar tháscairí breise.

**<u>Ábhair a bhfuil seasaimh éagsúla ag baint leo</u>**

7. Le linn na bpléití tríthaobhacha léiríodh go raibh na seasaimh ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa éagsúil ó chéile maidir leis na hábhair seo a leanas go háirithe:

- **Coinníollacht shóisialta** (Airteagal 11a): tá Parlaimint na hEorpa ag iarraidh córas coinníollachta sóisialta 'lánfheidhme', a bheadh cosúil le coinníollacht comhshaoil, le seiceálacha in aghaidh treoracha ábhartha agus pionóis riaracháin; nuair a bhí an leasú sin á phlé sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht, chuir na toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu faoin ualach riaracháin a bheadh i gceist leis sin, á mheabhrú dóibh go bhfuil cearta fostaíochta agus sóisialta á rialáil cheana féin ar an leibhéal náisiúnta;

- **Feirmeoir gníomhach** (Airteagal 4): i gcomhréir le fealsúnacht na samhla nua seachadta bunaithe ar fheidhmíocht, foráiltear le cur chuige ginearálta na Comhairle do choincheap d'fheirmeoir gníomhach, agus tá Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ag iarraidh go gcuirfí i bhfeidhm go héigeantach é; ar na héagsúlachtaí eile bhí na critéir sa sainmhíniú, leis an bParlimint ag cur de cheangal ar fheirmeoirí gníomhacha a bheith i mbun gníomhaíocht íosta talmhaíochta agus a bheith ag soláthar earraí don phobal, agus an iarraidh ón bParlaimint ar liosta diúltach;

- **Feirmeoirí nua** (Airteagal 4): tá Parlaimint na hEorpa ag iarraidh go gcuirfí isteach sainmhíniú nua ar fheirmeoirí nua, mar aon le bearta tacaíochta chun feirmeoirí nua a chur isteach faoi cholún II, ach tá cur chuige ginearálta na Comhairle dírithe ar acmhainní CBT teoranta d'iontrálaithe óga chun athnuachan ó ghlúin go glúin a áirithiú;

- **Scéimeanna chun borradh a chur faoin iomaíochas** (Airteagal 28a): is mian le Parlaimint na hEorpa iallach a chur ar na Ballstáit 'scéimeanna borrtha' a chur ar bun chun tacú le feirmeoirí a gheallann airgead a chaitheamh ar mhaithe lena n-iomaíochas a fheabhsú; cé nár pléadh an leasú seo sa Chomhairle go fóill, creideann an uachtaránacht go gcumhdaítear raon feidhme na scéime seo cheana féin le hidirghabhálacha eile forbartha tuaithe;

- **Uasteorannú agus céimlaghdaitheacht** (Airteagal 15): ní hionann na seasaimh go háirithe maidir le cé acu a bheidh an laghdú ar íocaíochtaí deonach, mar a d'iarr an Chomhairle, nó an mbeidh sé éigeantach, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa agus mar a mhol an Coimisiún. Baineann tuilleadh difríochtaí le raon feidhme an chur i bhfeidhm (a bheidh teoranta do thacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (BISS) de réir na Comhairle ach a dhéanfar a leathnú chuig gach íocaíocht dhíreach de réir Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin), an difreáil a dhéanann an Chomhairle idir uasteorannú agus céimlaghdaitheacht agus a mhéid is féidir tuarastail a asbhaint sula laghdaítear íocaíochtaí díreacha;

- **Cóineasú inmheánach** (Airteagal 20): baineann an phríomhdhifríocht idir na seasaimh leis an gceist ar cheart teidlíochtaí íocaíochta a ailíniú go hiomlán faoi bhliain éilimh 2026, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa, nó ar cheart go sroichfidís íosluach 75 % den mheán-aonadmhéid beartaithe, mar a mhol an Coimisiún agus lena dtacaítear i gcur chuige ginearálta na Comhairle;

- **Íocaíochtaí d'fheirmeoirí beaga** (Airteagal 25): níl na comhreachtóirí ar aon fhocal cé acu atá an scéim seo le cur i bhfeidhm ar bhonn deonach (an Chomhairle agus an Coimisiún) nó an bhfuil sé le cur i bhfeidhm ar bhonn éigeantach (Parlaimint na hEorpa); baineann deacracht eile leis an iarraidh ón bParlaimint uasmhéid a shocrú ar fud an Aontais maidir le hincháilitheacht na cabhrach sin;

- **Íocaíochtaí athdháilte** (Airteagal 26): is í an phríomhlíne dheighilte idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa cé acu an rogha a thabhairt do na Ballstáit na híocaíochtaí sin a dheonú, mar a d'iarr an Chomhairle, nó a cheangal orthu na híocaíochtaí sin a dheonú, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa agus mar a mhol an Coimisiún;

- **Tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí óga** (Airteagal 27): ní hionann tuairimí maidir leis an íosleibhéal atá le leithdháileadh ar fheirmeoirí óga, agus Parlaimint na hEorpa ag iarraidh íosmhéid 4 % d'íocaíochtaí díreacha, i gcomparáid leis an 2 % atá molta ag an gCoimisiún le tacaíocht ón gComhairle; tá cinneadh eile ag teastáil ar cheart na cistí sin a úsáid faoi cholún I amháin, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa, nó faoin dá cholún, mar a d'iarr an Chomhairle agus an Coimisiún;

- **Iarscríbhinn IXaa**: tá Parlaimint na hEorpa ag iarraidh go leagfaí amach na huasmhéideanna tacaíochta do chineálacha áirithe idirghabhálacha forbartha tuaithe i liosta mionsonraithe, i gcomhréir leis an Rialachán reatha maidir le Forbairt Tuaithe 1305/2013; creideann an uachtaránacht go léirítear leis an liosta sin 'sean-CBT', lena gcuirfear cosc ar CBT amach anseo leas a bhaint as a phoitéinseal iomlán, ar seasamh é sin lena dtacaíonn an Coimisiún.

- **Táscairí toraidh a úsáidtear le haghaidh athbhreithniú ar fheidhmíocht**: cé go dteastaíonn ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa go n-úsáidfí gach táscaire toraidh le haghaidh athbhreithniú ar fheidhmíocht, teorannaítear go 12 iad i gcur chuige ginearálta na Comhairle. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag iarraidh go bhféadfaí úsáid a bhaint as aon táscairí toraidh ábhartha eile in Iarscríbhinn I nó as aon táscairí toraidh sonracha eile sa Phlean Straitéiseach faoi CBT le haghaidh an athbhreithnithe ar fheidhmíocht, rud a bhfuil Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún araon ina choinne.

## III. <u>AN RÓD ROMHAINN</u>

8. Cé go raibh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa in ann a dtuairimí maidir le roinnt ábhar a ailíniú sna cruinnithe tríthaobhacha a tionóladh go dtí seo, beidh gá le tuilleadh dianoibre chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach maidir leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT ina iomláine.

9. *Ar bhonn an doiciméid seo, iarrfar ar na hairí tuairimí a mhalartú ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach, d'fhonn treoir a thabhairt don uachtaránacht do na pléití tríthaobhacha a bheidh ann amach anseo. Iarrfar orthu díriú go háirithe ar na saincheisteanna seo a leanas:*

*<u>Íocaíochtaí a spriocdhíriú:</u> feirmeoir gníomhach, uasteorannú, céimlaghdaitheacht, íocaíochtaí athdháilte, cóineasú inmheánach, feirmeoir óg, feirmeoir beag;*

*<u>Samhail Nua Seachadta:</u>*

*Mionphacáiste ón 5ú cruinniú tríthaobhach (tagarmharc d'imréiteach feidhmíochta, athbhreithniú débhliantúil ar fheidhmíocht, aonadmhéideanna uasta beartaithe d'idirghabhálacha forbartha tuaithe neamh-IACS, leibhéil lamháltais do chlaontaí), táscairí a bhaineann go sonrach leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT, táscairí toraidh le haghaidh athbhreithniú ar fheidhmíocht, Iarscríbhinn IXaa*